An Ciste Aitheantais Pobail 2024

Achoimre ar an Scéim

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

A. Réamhrá agus Cúlra

Tá mar chuspóir ag an gCiste Aitheantais Pobail 2024 ('an Ciste') tacú le bonneagar agus saoráidí pobail a fhorbairt don phobal iomlán mar aitheantas ar an rannchuidiú atá á thabhairt ag pobail fud fad na tíre i dtaobh na líonta móra daoine atá ag teacht anseo ón Úcráin agus ó thíortha eile a fháiltiú agus cóiríocht a sholáthar dóibh.

Tá an cistiú dírithe go sonrach ar thionscadail atá lonnaithe i bpobail, i mbailte agus i sráidbhailte a bhfuil cóiríocht á soláthar acu do Thairbhithe na Cosanta Sealadaí agus/nó d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ('daoine nua atá tagtha isteach sa tír'), bailte san áireamh a sainaithníodh don chlár áiteanna cónaithe mearthógála. Tá mar aidhm ag an gCiste tacú le saoráidí a fhorbairt a úsáidfidh gach ball den phobal amach anseo. Tá cuspóirí agus scóip ar leith ag an gciste i gcomparáid le haon sruthanna cistithe poiblí eile a bhfuil de chuspóir acu tacú le riachtanais seirbhíse poiblí a eascraíonn as an líon mór daoine atá tagtha anseo ón Úcráin agus ó thíortha eile.

Tá €50 milliún ar fáil faoin gCiste, agus leithdháiltear é seo idir gach údarás áitiúil bunaithe ar an líon daoine nua atá lonnaithe ansin. Is féidir le húdarás áitiúil iarratais a chur faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (an DRCD) i measc trí dheis iarratais, a gcuirfear an ceann deireanach díobh i gcrích an 31 Eanáir 2025. Caithfidh tionscadail a bheith soláthartha go hiomlán faoi dheireadh 2026.

B. Leithdháiltí agus Rátaí Deontais

Leithdháiltear an Ciste idir gach údarás áitiúil bunaithe ar an líon daoine nua atá tagtha isteach sa tír atá lonnaithe ansin, agus aird ar an leibhéal daoine nua atá tagtha isteach san áit agus ar an leibhéal gaolmhar daoine nua atá tagtha isteach san áit i gcoibhneas leis an daonra iomlán i limistéar údaráis áitiúil. Leagtar amach in Aguisín 1 an méid cistithe a leithdháiltear ar gach údarás áitiúil faoin gCiste.

Nuair a chuirtear cineál agus cuspóirí an Chiste san áireamh, beidh lánrogha ag an údarás áitiúil 100% de chostais an tionscadail a fháil ón gCiste lena chinntiú go soláthraítear ina iomláine é. Ba cheart d'údaráis áitiúla an ráta cúnaimh is mian leo a fháil do gach tionscadal a leagan amach go soiléir ina dtogra cistithe, a chinntíonn gur féidir an tionscadal a sholáthar go hiomlán bunaithe ar an gcistiú a sholáthraítear. **Caithfidh Údaráis Áitiúla a chinntiú, nuair a lorgaítear ráta cúnaimh atá níos lú ná 100%, go bhfuil an tionscadal indéanta agus caithfear é a chríochnú sna hamlínte a thugtar.**

Níor cheart cistiú a úsáid mar fhoinse chomhchistithe d'aon scéim eile a oibríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail nó aon Roinn Rialtais eile, agus níor cheart an cistiú seo a úsáid mar fhoinse chomhchistithe d'aon tionscadal eile a cistíodh faoin gCiste Aitheantais Pobail (CRF) 2023.

C. Idirchaidreamh le Pobail agus láithreacha a shainaithint

Tá sé **bunriachtanach** go bhforbraítear na tograí cistithe a sheolann gach údarás áitiúil ar aghaidh bunaithe ar idirchaidreamh díreach a dhéanamh le pobail a n-imrítear tionchar orthu agus i gcomhairle le hionadaithe tofa, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), na Fóraim Freagartha Pobail áitiúla agus na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. Ba cheart go mbeadh tograí comhsheasmhach freisin le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail.

Ba cheart d'údaráis áitiúla spás tiomnaithe a chruthú ar a suíomh gréasáin ina dtugtar cuntas ar na bealaí éagsúla is féidir le pobail teacht ar Chistiú Aitheantais Pobail agus ar shonraí faoi aon imeachtaí ceardlainne/comhairliúcháin. Nuair a cruthaíodh iad, caithfidh Údaráis Áitiúla an nasc a sholáthar chuig an spás seo d'Aonad CRF an DRCD, ar féidir leo an t-eolas a phoibliú agus ceisteanna a atreorú chuig an leathanach. Caithfidh Údaráis Áitiúla cuntas soiléir a thabhairt, i bhfoirmeacha an togra, ar conas a thit rannpháirtíocht seo an phobail agus an comhoibriú seo amach, agus ba cheart go gcuirfí san áireamh iontu chomh maith dátaí imeachtaí nó ceardlann poiblí, agus sonraí faoi conas a fhógraítear agus a chuirtear an cistiú chun cinn go háitiúil.

Caithfear a léiriú ar fhoirm an togra chomh maith go bhfuil an cistiú dírithe ar, agus á infheistiú go sonrach sna pobail, sráidbhailte agus bailte siúd ina bhfuil **an leibhéal is airde** de dhaoine nua atá tagtha isteach sa tír lonnaithe agus inar sainaithníodh go bhfuil **gá soiléir le hinfheistíocht**. Caithfear seo a thaispeáint go soiléir i bhfoirm an togra, chun go ndéantar cistiú a leithdháileadh ar na tionscadail is cuí sna limistéir shonracha chathrach nó sna bailte agus sráidbhailte ina bhfuil líonta móra daoine nua atá tagtha isteach sa tír lonnaithe – ní cheadófar tograí a dhéanann tionscadail a scaipeadh ar fud ceantar bardasach nó limistéar cathrach gan an cistiú a nascadh go soiléir leis an láthair shonrach daoine nua atá tagtha isteach sa tír agus lena leibhéal riachtanais.

Caithfidh an togra a thaispeáint chomh maith go ndearna an t-údarás áitiúil breithniú ar dháileadh an chistithe faoin gCiste Aitheantais Pobail 2023 mar chuid de leithdháileadh an chistithe agus de thionscadail a roghnú faoin dara babhta den Chiste, i.e., ba cheart go léireofaí i ndáileadh an chistithe i measc chistí 2023 agus 2024 an áit a bhfuil daoine nua atá tagtha isteach sa tír lonnaithe.

Ní cheadófar tograí nach léiríonn leibhéil leordhóthanacha de rannpháirtíocht an phobail agus nach ndírítear tacaíocht go cuí. Leasaíodh an fhoirm iarratais i gcomparáid le Ciste Aitheantais Pobail 2023 lena chinntiú go gcuirtear dóthain eolais ar fáil ina leith seo.

D. Tionscadail Incháilithe

Beidh tionscadail a chisteofar caipitiúil ó thaobh cineáil, soláthróidh siad tairbhí meántéarmacha-fadtéarmacha do na pobail ina bhfuil siad lonnaithe, agus beifear in ann iad a sholáthar i gcaitheamh 2025 agus 2026. Caithfear méid íosta 50% den leithdháileadh a chaitheamh in 2025. Gheobhaidh gach tionscadal incháilithe cistiú do chostais chaipitil, ach ní bhfaighfear cistiú d'aon chostais leanúnacha oibríochtúla nó reatha.

Is é an leibhéal íosta cistithe do thionscadal aonair €50,000 agus beidh uasmhéid €500,000 i gceist. Ní féidir tionscadail níos lú a chur le chéile go saorga leis an tairseach íosta €50,000 a shásamh – cé gur soláthraíodh cistiú i scéim 2023 d'infheistíocht ar scála beag i gclubanna agus pobail (e.g. do threalamh ar scála beag), dírítear i scéim 2024 ar thionscadail ar scála níos mó agus a imríonn tionchar níos mó.

I gcás tionscadal ar a bhfuil luach breis agus €200,000, caithfear eolas breise a sholáthar ag céim an iarratais ina dtugtar sonraí breise ar na riachtanais a sainaithníodh sa láthair, an rannpháirtíocht agus an comhoibriú ónar eascair gur roghnaíodh an láthair agus an tionscadal sonrach agus cumas an phobail an tionscadal a bheartaítear a thabhairt chun cinn ar aon dul leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gcistiú. Úsáid Aguisín 4 chun cás gnó mionsonraithe aonair a sholáthar chun tacú leis an infheistíocht do gach tionscadal ar a bhfuil luach breis agus €200,000.

Is féidir an t-uasmhéid €500,000 a shárú i líon an-eisceachtúil cásanna bunaithe ar chás gnó a sholáthar ón údarás áitiúil ábhartha. Caithfear cuntas a thabhairt sa chás gnó ar an réasúnaíocht i leith cistiú níos airde mar gheall ar thosca cosúil le riachtanais shubstainteacha áitiúla, dlús an-láidir daoine nua atá tagtha isteach sa tír in aon láthair amháin, leibhéil ísle d'infheistíocht a rinneadh roimhe seo sa limistéar ar imríodh tionchar air agus/nó sainiúlacht eile an cheantair; ba cheart don údarás áitiúil é seo a phlé leis an DRCD sula ndéanfar cás gnó.

Tá deis ag údaráis áitiúla an cistiú a infheistiú bunaithe ar a riachtanais féin áitiúla ar leith mar a shainaithnítear trí chur chuige "ón mbun aníos" agus bunaithe ar rannpháirtíocht an phobail dá dtagraítear thuas.

Mar sin féin, is iad an saghas tionscadal atá incháilithe do chistiú:

- saoráidí pobail nó cultúrtha a fhorbairt, a fheabhsú nó a athchóiriú, limistéir shúgartha, siúláin, páirceanna, gairdíní pobail/céadfacha, cuibhrinn, agus limistéir áineasa san áireamh;
- saoráidí áitiúla cumainn agus spóirt a fhorbairt, a fheabhsú nó a athchóiriú, saoráidí san áireamh cosúil le linnte snámha pobail, seomraí gléasta, leithris, áiseanna digiteacha cosúil le cláir scór / eolais etc.;
- saoráidí scoile/paróiste a fheabhsú is féidir le gach duine den phobal a úsáid tar éis uaireanta scoile;
- trealamh a cheannach do chlubanna, féilte, imeachtaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla, e.g. trealamh ceoil, ealaíon nó spóirt;

- bonneagar iompair cosúil le feithiclí pobail, scáthláin bhus agus cláir eolais don lucht freastail; (caithfidh bail mhaith a bheith ar aon fheithicil a chistítear agus caithfidh nach bhfuil siad níos sine ná 5 bliana)
- tionscadail a chabhraíonn le dul i ngleic le dearóiliú agus/nó le cuspóirí níos fairsinge áitiúla forbartha geilleagraí agus pobail;
- foirgnimh fholmha nó thréigthe a cheannach agus a athchóiriú ar mhaithe lena n-úsáid ag an bpobal nuair a shainaithnítear go bhfuil gá soiléir ann.
- Talamh a cheannach agus oibreacha gaolmhara chun saoráidí pobail a fhorbairt, cosúil le limistéir shúgartha/MUGAanna nó páirceanna baile/gairdíní pobail, limistéir áineasa etc. **(ní féidir ach leis an údarás áitiúil ceannach a riar).**

Beartaítear go gcuirtear solúbthacht chuibheasach ar fáil sa liosta seo d'údaráis áitiúla chun tograí a fhorbairt ina léirítear riachtanais a bpobal agus a dtionscadal féin a sholáthróidh tairbhí meántéarmacha-fadtéarmacha do na pobail siúd. Fad atá a dtograí á bhforbairt, mar sin féin, is faoi údaráis áitiúla atá sé plé a dhéanamh leis an Roinn ar thograí féideartha cistithe lasmuigh de scóip an liosta thuas.

Nuair a d'fhéadfadh na leibhéil chistithe uasta faoin scéim seo teorainn a chur leis an bhféidearthacht foirgneamh ar a ndírítear a cheannach agus a athchóiriú, b'fhéidir gur mian leis an údarás áitiúil an foirgneamh folamh a cheannach faoin gciste seo agus is féidir leis an athchóiriú a dhéanfar ina dhiaidh sin a bheith mar chuid d'iarratas faoi scéim eile, cosúil leis an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

Tionscadal á sholáthar ag grúpaí pobail

Is féidir leis an údarás áitiúil tionscadail a sholáthar go díreach. Ar mhaithe le rannpháirtíocht dhíreach an phobail a chinntiú, áfach, is faoi údaráis áitiúla atá sé freisin na tionscadail seo a sholáthar trí eagraíochtaí pobail, ar a mhacasamhail de bhealach a dhéantar cláir ORIS agus CLÁR a bhainistiú. Ní bhaineann an soláthar seo le talamh agus foirgnimh a cheannach faoi mar a leagtar amach sa phointe le hurchar deiridh thuas.

Nuair atá tionscadal á sholáthar trí eagraíocht phobail, caithfidh an t-údarás áitiúil a shásamh dó féin go bhfuil an eagraíocht go hiomlán ar an eolas ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gcistiú. I gcás tionscadail níos mó, ach go háirithe, ba cheart don údarás áitiúil a chinntiú go bhfuil sreabhadh airgid dóthanach ag an eagraíocht phobail lena chinntiú gur féidir an tionscadal a sholáthar agus go bhfuil ar a gcumas amhlaidh a dhéanamh. Chun tacú le heagraíochtaí pobail maidir le sreabhadh airgid, glacfaidh an Roinn le hiarrataí eatramhacha ar tharraingt anuas a luaithe gur sheol an tÚdarás Áitiúil an t-ábhar go léir.

E. An próiseas iarratais

Seolfaidh gach údarás áitiúil tograí cistithe chuig an Roinn lena gceadú (féach Aguisín 2

chun teacht ar na foirmeacha atá le líonadh mar na tograí cistithe). Tá cáipéis ina dtugtar léargas ginearálta i ngach foirm thogra atá le seoladh i bhformáid Microsoft Word agus tugtar sonraí inti maidir le gach tionscadal i dteimpléad ar leith Microsoft Excel (féach Aguisín 3) a scaiptear ar gach údarás áitiúil. Tabharfar cuntas sna tograí seo, i measc rudaí eile, ar na tionscadail atá le soláthar, ar an gcostas táscach do gach tionscadal a mhiondealaítear de réir na ngnéithe atá iontu, ar dheimhniú go bhfuil na tionscadail le lonnú sna bailte, sna sráidbhailte agus sna pobail is mó ar imir daoine nua atá tagtha isteach sa tír tionchar orthu, agus ar rannpháirtíocht an phobail faoinar tugadh.

Ní mheasfar go mbeidh tionscadail atá suite i mbailte, i sráidbhailte nó i láithreacha cathrach ar leith nach bhfuil ardleibhéil daoine nua atá tagtha isteach sa tír iontu incháilithe.

Scrúdóidh an Roinn gach togra agus déanfar teagmháil le húdaráis áitiúla maidir le aon cheisteanna. Níor cheart aon oibreacha a thosú sula bhfaightear ceadú foirmiúil don chistiú ón Roinn. Déanfar comhaontú cistithe idir an t-údarás áitiúil agus an Roinn do gach togra cistithe a cheadaítear.

Is féidir tograí cistithe a sheoladh chuig an Roinn i measc 3 dheis iarratais, i.e., is féidir le gach údarás áitiúil togra amháin a sheoladh (togra amháin, ar a mhéid) i ngach deis iarratais. Ar mhaithe le dul i ngleic le hathruithe ar líonta agus ar láithreacha daoine nua atá tagtha isteach sa tír i rith 2024, caithfidh gach údarás áitiúil ar a laghad 20% dá leithdháileadh a choimeád chun togra a sheoladh ar aghaidh sa tríú deis iarratais. Seo a leanas na deiseanna iarratais:

Deis iarratais 1	A fhaide leis an 31 Bealtaine 2024
Deis iarratais 2	Idir an 1 Lúnasa ag an 30 Meán Fómhair 2024
Deis iarratais 3 (déantar ar a laghad 20% den leithdháileadh a imfhálú)	Idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025

Ní ghlacfar le haon athruithe ar iarratais tar éis gur seoladh an fhoirm thogra go ndéanfaidh an Roinn athbhreithniú uirthi. Is féidir leis an Roinn tionscadail a cheadú ar bhonn rollach nó, mar mhalairt air sin, ar chomhbhonn i measc na n-údarás áitiúil go léir tar éis an dáta deiridh do gach deis iarratais.

F. Riarachán agus Tacaíocht Theicniúil

Ceadaítear cistiú 5% a mhéid le €100,000 den leithdháileadh iomlán in aghaidh an údaráis áitiúil do chostais riaracháin agus theicniúla údaráis áitiúil. Ní chuirtear táillí gairmiúla a

bhaineann le saineolas seachtrach a fhostú chun na tionscadail a sholáthar san áireamh sa leithdháileadh seo. Ina ionad sin, níor cheart na costais siúd a éileamh ach mar chuid den éileamh ar sholáthar an tionscadail.

Braitheann an 5% seo ar thionscadail a dtugtar cuntas orthu sa togra ceadaithe cistithe a sholáthar agus a chríochnú agus ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha go léir a bhaineann leis an gCiste.

Is féidir costais riaracháin agus theicniúla údaráis áitiúil a éileamh a luaithe a síníodh an comhaontú cistithe agus a seoladh chuig an Roinn é.

G. An próiseas éilimh

Cé go mbeidh na costais a sholáthraítear sa togra cistithe táscach i dtaobh cineáil, tarraingeofar cistiú anuas ón Roinn bunaithe ar chostais iarbhír a thabhaítear agus caithfear cáipéisíocht chuí a choimeád ina leith seo.

Nuair a sholáthraítear tionscadal trí eagraíocht phobail, caithfidh an t-údarás áitiúil an caiteachas a thabhú (i.e., íocaíocht a eisiúint don eagraíocht phobail) sular féidir leis an cistiú a éileamh ón Roinn.

Chun cistiú a tharraingt anuas, agus go háirithe chun cabhrú le grúpaí pobail a sreabhadh airgid a bhainistiú, is féidir le húdaráis áitiúla éilimh eatramhacha a sheoladh chuig an Roinn faoi mar a theastaíonn. Caithfidh liostaí sonrasc agus asphriontaí Agresso (nó a chomhionann) gabháil le gach éileamh a chomhfhreagraíonn don chistiú atá á tharraingt anuas. Caithfidh tuairisc gabháil le héilimh eatramhacha ina dtugtar cuntas ar cén gnéithe de gach tionscadal a críochnaíodh go dtí seo.

Ba cheart tarraingt anuas a sheoladh trí úsáid a bhaint as foirm éilimh ar iarraidh ar tharraingt anuas, a sholáthrófar mar chuid den chomhaontú cistithe.

Caithfidh cás-staidéar gabháil leis an éileamh deiridh agus ba cheart go n-áireofaí leis fianaise ghriangrafach lena léiriú gur soláthraíodh an tionscadal a críochnaíodh mar a ceadaíodh faoin togra cistithe, arna leasú. Braithfidh an íocaíocht dheireanach ar dheimhniú an tionscadail, cás-staidéar agus fianaise i leith na comharthaíochta cuí a sheoladh san áireamh.

Ba cheart éilimh eatramhacha ar chaiteachas a tabhaíodh in 2025 a sheoladh **an 14 Samhain 2023** nó roimhe sin. Ba cheart éilimh dheiridh a sheoladh **an 13 Samhain 2023** nó roimhe sin.

Má thagann athrú ar chúinsí fad atá an tionscadal á sholáthar agus mura bhfuil cuid de phríomhghnéithe an tionscadail indéanta a thuilleadh, ba cheart don údarás áitiúil fógra a thabhairt don Roinn agus ceadú scríofa roimh ré a lorg d'aon leasuithe trí úsáid a bhaint as an bhfoirm oiriúnach leasaithe.

Foirgnimh nó Tailte a Cheannach

I gcás foirgnimh nó tailte a cheannach, is féidir leis an údarás áitiúil cistiú a tharraingt anuas a luaithe is féidir fianaise a sholáthar go ndearnadh aontú ar phraghas díola, a rinneadh conarthaí a bhabhtáil agus a aistríodh na cistí iomlána ón údarás áitiúil don cheannach. Mura leantar ar aghaidh ina dhiaidh sin leis an gceannach a thabhairt chun críche go hiomlán, caithfear an t-airgead go léir a thabhairt ar ais don Roinn. Le cistí a tharraingt anuas, beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó údaráis áitiúla:

i. Tuairisc ó mheasúnóirí neamhspleácha ina ndeimhnítear luach an fhoirgnimh
ii. Tuairisc Iniúchta Foirgnimh/ Suirbhéireacht Foirgnimh
iii. Cruthúnas go ndearnadh aontú dleathach ar an díol
iv. Cruthúnas gur aistríodh an t-airgead ón údarás áitiúil

H. Amlíne Soláthair

Is iad na príomhdhátaí don togra cistithe agus don soláthar:

Deis iarratais 1	A fhaide leis an 31 Bealtaine 2024
Deis iarratais 2	Idir an 1 Lúnasa ag an 30 Meán Fómhair 2024
Deis iarratais 3 (déantar ar a laghad 20% den leithdháileadh a imfhálú)	Idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025

Ba cheart éilimh eatramhacha ar chaiteachas a tabhaíodh in 2025 a sheoladh **an 14 Samhain 2023** nó roimhe sin. Ba cheart éilimh dheiridh a sheoladh **an 13 Samhain 2023** nó roimhe sin.

Ba cheart na tionscadail go léir a sholáthar go hiomlán agus ba cheart cistí a tharraingt anuas faoin 13 Samhain 2026.

I. Soláthar agus Rialachas

Na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair agus Ciorclán 13/2014 an DPENDR: caithfear cloí leis an gciorclán seo maidir le gach tionscadal a chistítear faoin togra cistithe, agus beidh deimhniú air seo mar chuid de chóras rialaithe na Roinne don Chiste.

J. Scéimeanna Reatha

Níor cheart an cistiú a úsáid le ceangaltais reatha airgeadais ó aon Scéim Rialtais a

ceadaíodh cheana féin lena soláthar ag an údarás áitiúil a chistiú nó a chomhchistiú. Is féidir cistiú a úsáid, mar sin féin, le tionscadail a sholáthar a chuireann le tionscadail reatha nó le céim éagsúil de thionscadal reatha a chistiú. I gcomhthéacs na saghsanna seo tionscadal, is tábhachtach go gcuirtear cáipéisíocht oiriúnach ar fáil ag céim an éilimh le gach tionscadal discréideach a dheighilt go soiléir ina léirítear línte soiléire cistithe/íocaíochta etc.

K. Poiblíocht

Aithneoidh údaráis áitiúla tacaíocht na Roinne agus déanfar tagairt do '*Ceantair Thuaithe na hÉireann'* i ngach fógra poiblí, cáipéisíocht agus fógraíocht scéime, faoi mar is cuí, a bhaineann le tionscadail lena dtacaítear faoin gCiste. Ba cheart comharthaíocht chuí a chur in airde ag láthair an tionscadail agus leagtar teimpléad amach in Aguisín 6.

Anuas air sin, is féidir leis an Roinn úsáid na sonraí faoi na hoibreacha a chistítear i ngach údarás áitiúil a lorg ar mhaithe lena bheartais a chur chun cinn níos fairsinge. Tacóidh cás-staidéir mhionsonraithe leis seo agus ba cheart iad a sheoladh le gach éileamh ar tharraingt anuas deiridh.

Déanfaidh an Roinn na tograí tionscadail a cheadaítear agus sonraí faoi na tionscadail a cheadaítear a fhógairt agus a fhoilsiú go foirmiúil.

L. Cáipéisíocht atá le Coimeád

Caithfidh gach údarás áitiúil cáipéisíocht dhóthanach a choimeád lena thaispeáint gur soláthraíodh tionscadail chríochnaithe faoi mar a leagtar amach sa togra cistithe. Áireofar leis seo an togra cistithe ceadaithe a choimeád agus aon leasuithe ceadaithe ina dhiaidh sin, cáipéisíocht le comhlíonadh Chiorclán 13/2014 an DPENDR a thaispeáint, na Treoirlínte Náisiúnta Soláthair, agus fianaise d'aon íocaíochtaí a rinneadh maidir le tionscadail cheadaithe a críochnaíodh.

Ba cheart don údarás áitiúil cáipéisíocht iomlán agus chruinn chun tacú leis an gcaiteachas go léir a choimeád agus caithfidh sí a bheith ar fáil don Roinn ar mhaithe le cuspóirí iniúchta ag gach tráth, ar feadh tréimhse sé bliana ó dháta críochnaithe na dtionscadal.

Soláthróidh údaráis áitiúla aon tuairiscí agus eolas a bhaineann le tionscadail cheadaithe agus is féidir leis an Roinn a iarraidh go réasúnta ó thráth go chéile.

M. Coinníollacha Cistithe

B'fhéidir go mbeidh cuid den chistiú nó an cistiú go léir a bhronn an Roinn le haisíoc mura gcomhlíontar na coinníollacha a dtugtar cuntas orthu anseo istigh nó sa chomhaontú cistithe nó mura gcomhlíontar aon choinníollacha breise lenar aontaíodh fad a bhí idirbheartaíocht ar bun ar an gconradh.

Tá an caiteachas go léir faoin gciste faoi réir théarmaí an Chóid Caiteachais Phoiblí agus Chiorclán 13/2014 an DPENDR freisin.

Caithfear cloí leis na rialacha agus na rialacháin chuí airgeadais, soláthair phoiblí agus chuntasaíochta uile, agus cuirfidh gach údarás an cistiú a fuarthas i gcuntas go hiomlán ar bhealach tráthúil.

Caithfear cloí leis na riachtanais go léir a leagtar amach sa cháipéis seo chun cáiliú don tarraingt anuas ar chistiú.

Eiseofar comhaontú cistithe ar leith i ndiaidh go gceadófar gach togra tionscadail.

N. Monatóireacht ar Chistiú

Is féidir leis an Roinn tabhairt faoi sheiceálacha cuí réamhíocaíochta nó iaríocaíochta ar éilimh ar íocaíocht don tionscadal lena dheimhniú gur comhlíonadh coinníollacha cistithe, gur soláthraíodh an tionscadal agus réadúlacht an chaiteachais, sa chás gur cuí.

Is féidir a áireamh leis na seiceálacha scrúdú ar an gcomhad atá á choimeád maidir le tionscadail cheadaithe sa mhullach ar aon cháipéisíocht ábhartha eile a sainaithníodh i rith na seiceála ar an láthair.

Cuirfidh an t-údarás áitiúil leabhair agus cuntais ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoi mar a theastaíonn.

O. Ceisteanna

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gCiste a sheoladh chuig crf@drcd.gov.ie

P. Gluais Aguisíní

Uimhir an Aguisín	**Ainm an Aguisín**	**Eisithe le**
1	Leithdháiltí Cistithe	Achoimre ar an Scéim
2	Iarratas ar Thogra Cistithe – MS WORD	Achoimre ar an Scéim
3	Liosta Tionscadal an CRF 2024 – MS EXCEL	Achoimre ar an Scéim
4	Cás Gnó do thionscadail ar luach breis agus €200,000	Achoimre ar an Scéim
5	Leasú ar Thionscadail Cheadaithe	Comhaontú Cistithe
6	Teimpléad Comharthaíochta	Comhaontú Cistithe
7	Cás-Staidéar	Comhaontú Cistithe
8	Foirm Iarrata ar Tharraingt Anuas	Comhaontú Cistithe

Q. Uimhreacha Tagartha Tionscadail

Féach an tábla thíos, le do thoil, don chéad uimhir thionscadail atá le húsáid nuair atá an scarbhileog Excel á líonadh agat. Tá 002 le cur ar dheireadh an dara huimhir thionscadail agus tá 003 le cur ar dheireadh an tríú huimhir thionscadail agus mar sin de.

An tÚdarás Áitiúil	Uimhir Thionscadail	An tÚdarás Áitiúil	Uimhir Thionscadail
Ceatharlach	CRF24CW001	**An Cabhán**	CRF24CN001
An Clár	CRF24CE001	**Cathair Chorcaí**	CRF24CC001
Contae Chorcaí	CRF24COR001	**Dún na nGall**	CRF24DL001
Cathair Bhaile Átha Cliath	CRF24D001	**Dún Laoghaire-Ráth an Dúin**	CRF24DLR001
Fine Gall	CRF24FIN001	**Cathair na Gaillimhe**	CRF24GC001
Contae na Gaillimhe	CRF24G001	**Ciarraí**	CRF24KY001
Cill Dara	CRF24KE001	**Cill Chainnigh**	CRF24KK001
Laois	CRF24LS001	**Liatroim**	CRF24LM001
Luimneach	CRF24LK001	**An Longfort**	CRF24LD001
Lú	CRF24LH001	**Maigh Eo**	CRF24MO001
An Mhí	CRF24MH001	**Muineachán**	CRF24MN001
Uíbh Fhailí	CRF24OY001	**Ros Comáin**	CRF24RN001
Sligeach	CRF24SO001	**Baile Átha Cliath Theas**	CRF24SD001
Tiobraid Árann	CRF24T001	**Port Láirge**	CRF24WD001
An Iarmhí	CRF24WH001	**Loch Garman**	CRF24WX001
Cill Mhantáin	CRF24WW001		